C/2025/6717

17.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6717)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Scanzo / Moscato di Scanzo’

PDO-IT-A0949-AM02 — 14.10.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Scanzo / Moscato di Scanzo’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Deimhnítear go gcomhlíonann an formheas ar an leasú caighdeánach seo agus teachtaireacht maidir leis na coinníollacha chun leasú caighdeánach a fhormheas faoi Rialachán (AE) 2024/1143 agus na forálacha a glacadh dá bhun sin.

Thairis sin, tagann an leasú seo faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143, ós rud é nach ceann de na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) den Rialachán sin é.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Táirgeadh agus cleachtais fhíoneolaíocha*

Tuairisc: iarrtar a lua sa tsonraíocht nach gceadaítear ach cleachtais fhíoneolaíocha thraidisiúnta, chothroma agus chomhsheasmhacha a thugann a saintréithe sonracha do na fíonta san fhíonóireacht.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Cúiseanna: is é is cuspóir don leasú cosc a chur ar phróisis fíonóireachta a d'fhéadfadh saintréithe fhíonchaora Moscato di Scanzo a athrú trí aon rud breise a chur isteach a d'fhéadfadh próifíl aramatach Moscato di Scanzo a shaibhriú nó a athrú go neamhghnách.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

2. *Aosú*

Tuairisc: iarrtar go sonrófaí an toirmeasc ar choimeádáin adhmaid a úsáid le linn an 2 bhliain aosaithe ar a laghad.

Cúiseanna: iarrtar an leasú sin toisc go bhféadfadh cineálacha áirithe adhmaid saintréithe an fhíona a athrú agus uaireanta comhdhúile a chur isteach a bhfuil próifílí aramatacha áirithe acu, amhail róstadh agus/nó tainniní ó chineálacha áirithe adhmaid.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge agus leis an gceannteideal 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha' sa roinn 'Cleachtais fíonóireachta' den doiciméad aonair.

3. *Aigéadacht luaineach a chur san áireamh i dtáirgeadh 'Scanzo / Moscato di Scanzo'*

Tuairisc: sa roinn maidir le saintréithe sonracha i ndáil le tomhaltas, iarrtar teorainn 25 meq/l ar a mhéad maidir le aigéadacht luaineach a chur isteach.

Cúiseanna: mar gheall ar an tiúchan ard siúcra amh san úrfhíon, oibríonn an giosta i staid struis osmóisigh agus mar thoradh air sin táirgeann sé méid níos mó aigéid aicéitigh le linn coipeadh alcólach ná le linn fíonóireacht thraidisiúnta fíona. Nuair a chaomhnaítear é, bíonn an méid ard siúcraí iarmharacha ina substráit cothaitheach thábhachtach le haghaidh flóra miocróbach agus, dá bhrí sin, meastar go teicniúil gur táirge é an fíon atá neamhiomlán ó thaobh na bitheolaíochta de agus go bhfuil sé níos deacra é a chaomhnú. Ar na cúiseanna sin, iarrtar uasmhéid aigéadachta luainí is airde.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)' den doiciméad aonair.

4. *Mionsonraí an chomhlachta rialúcháin a thabhairt cothrom le dáta*

Tar éis na leasuithe a rinneadh ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, ní áirítear san fhaisnéis shainordaitheach atá le bheith sa tsonraíocht táirge a thuilleadh ainm agus seoladh na n-údarás nó na gcomhlachtaí a fhíoraíonn comhlíonadh fhorálacha na sonraíochta táirge ná a gcúraimí sonracha.

Ina theannta sin, de bhun Airteagal 40(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, ní mór do na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil, na gcomhlachtaí tarmligthe agus na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 39(3) den Rialachán sin a fhoilsiú le haghaidh gach táirge arna ainmniú le tásc geografach agus ní mór dóibh an fhaisnéis sin a choinneáil cothrom le dáta.

Dá bhrí sin, leasaíodh an t-airteagal ina bhfuil tagairtí don chomhlacht rialúcháin, agus cuireadh tagairt d'fhoilseachán ar shuíomh gréasáin oifigiúil údarás inniúil an Bhallstáit in ionad na faisnéise atá ann.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge; ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

5. *Leasuithe cléireachais ar an tsonraíocht táirge*

Rinneadh leasuithe cléireachais ar airteagail na sonraíochta táirge.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Scanzo / Moscato di Scanzo

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC - Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

15. Fíon ó fhíonchaora rísínithe

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

• 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Scanzo / Moscato di Scanzo (cat. 1 agus cat. 15)

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath: dath an rúibín de dhéine éagsúil, a d'fhéadfadh a bheith níos caordheirge agus ina mbeadh imireacha ar dhath an ghairnéid de ghnáth;

Dea-bholadh: éadrom, dian, marthanach, sainiúil;

Blas: milis, deas, comhchuí, a bhfuil iarbhlas beag d'almóinn air;

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 17,00 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24,0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 14

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 25

— Uaschion dé-ocsaíde sulfair iomlán (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Aosú

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Ní mór d'fhíon ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Scanzo/Moscato di Scanzo' dul faoi thréimhse aosaithe 2 bhliain ar a laghad. Chun na saintréithe sonracha a choinneáil ar bun, tá toirmeasc ar choimeádáin adhmaid a úsáid.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Scanzo / Moscato di Scanzo

21 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Scanzo / Moscato di Scanzo'

7 000 kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Na limistéir táirgeachta le haghaidh fíonchaora atá oiriúnach do tháirgeadh fhíon an ainmniúcháin thionscnaimh chláraithe agus ráthaithe 'Scanzo/Moscato di Scanzo', tá siad lonnaithe i gcúige Bergamo agus áirítear leo talamh atá oiriúnach do [tháirgeadh] cáilíochta i gcríoch bhardas Scanzorosciate.

Tá an limistéar comhdhéanta de chuid de chríoch bhardas Scanzorosciate, laistigh de na teorainneacha seo a leanas, a théann deiseal ón iarthar: Via Fanti, Via Forni, an teorainn bhardasach ó thuaidh agus soir, teorainn bhardasach ó dheas chomh fada le Via Piave (limistéar Negrone), Via Polcarezzo, Via IV Novembre, Piazza Caslini, Via F. Martinengo, Via Fanti. Dá bhrí sin, eisiatar limistéir ísealchríche bhardas Scanzorosciate.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Moscato di Scanzo N. - Moscato

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Scanzo / Moscato di Scanzo

Tá traidisiún ársa fíonsaothrúcháin ag cnoic Scanzorosciate, mar a léirítear tríd an stair. Tarlaíonn táirgeadh i limistéar an-bheag agus ar thaobhanna cnoic ar a bhfuil fánaí idir 50 % agus 100 % ar a laghad, cé is moite de líon an-bheag eisceachtaí. Is ar na fánaí géara sin a táirgeadh fíon i gcónaí. Tá doimhneacht na hithreach saothraithe fíorbheag, nach bhfuil ach carraig mharla ar a dtugtar Sass de la Luna faoina bhun.

Tá dálaí aeráide Scanzo [réigiún] an-chosúil le dálaí aeráide na Meánmhara.

Gan amhras, má chuimhníonn tú ar thraidisiún talmhaíochta Scanzorosciate, tiocfaidh Moscato di Scanzo chun cuimhne.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

—

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/23158